# An Vacsaín Fliú agus Tú ag Iompar Clainne

**Má thagann an fliú ort agus tú ag iompar clainne, d'fhéadfadh tú a bheith an-tinn dá bharr**

D'fhéadfadh an fliú a bheith ina chúis le niumóine nó broincíteas.

**D'fhéadfadh an fliú a bheith ina chúis le haimhréidheanna tromchúiseacha duit féin agus do do leanbh**

D'fhéadfadh an fliú a bheith ina chúis le breith neamhaibí nó marbh-bhreith fiú.

**Cosnaíonn an vacsaín fliú tú féin agus do leanbh**

Beidh do leanbh nuabheirthe cosanta i rith na chéad mhíonna dá s(h)aol.

**Tá an vacsaín fliú sábháilte**

Tá vacsaíní fliú á dtabhairt le breis agus 50 bliain anuas do na milliúin mná torracha ar fud an domhain.

**Is féidir leat an vacsaín a fháil ag am ar bith le linn an toirchis**

Dá luaithe a fhaigheann tú an vacsaín fliú is ea is luaithe a bheidh tú féin agus do leanbh cosanta ar an bhfliú.

**Tá an vacsaín fliú ar fáil saor in aisce**

Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh (GP) nó le do phoitigéir maidir leis an vascaín fliú a fháil.


hse.ie/flu
Comhairle Sláinte Poiblí

Cód ordaithe: HN100823


AN VACSAÍN FLIÚ

Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.

HSE